AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.5.2018
COM(2018) 280 final

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta le maoiniú a dhéanamh ar bhearta buiséadacha láithreacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, insreabhadh na ndídeanaithe agus bagairtí slándála agus ar an leathnú ar an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach chomh maith**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Le Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014–2020[1] féadfar leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta chun go bhféadfar caiteachas a mhaoiniú ar caiteachas é a shainaithneofar go soiléir agus nach bhféadfaí a mhaoiniú faoi na huasteorainneacha atá ar fáil, do cheannteideal amháin nó níos mó den chreat airgeadais ilbhliantúil.

I gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán Uimh. 1311/2013 agus pointe 1 2 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i dtaca le hábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais[2], tar éis scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí uile maidir le leithreasuithe a ath-leithdháileadh agus aon chorrlach neamh-leithdháilte faoi na ceannteidil chaiteachais: *Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach* (ceannteideal 1b) agus *Slándáil agus saoránacht* (ceannteideal 3) a bheith ídithe, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an Ionstraim Sholúbthachta a úsáid in 2019. Is é EUR 600 milliún (praghsanna 2011) an tsuim bhliantúil atá ar fáil, suim atá cothrom le EUR 703 milliún i bpraghsanna reatha. Thairis sin, tá EUR 520 milliún ar fáil i gcion 2018.

Baineann an beart seo le suim atá EUR 927.5 milliún os cionn uasteorainn cheannteideal 3 den chreat airgeadais ilbhliantúil, agus tá sé beartaithe é a úsáid chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do bhearta chun géarchéim na himirce, na ndídeanaithe agus na slándála a bhainistiú. Sa bhreis air sin, tá sé beartaithe EUR 38.1 milliún os cionn uasteorainn cheannteideal 1b a úsáid chun an leathnú ar an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a mhaoiniú.

Táthar tar éis na leithreasuithe íocaíochta táscacha a chomhfhreagraíonn don úsáid a bheartaítear a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta a ríomh ar bhonn na rialacha is infheidhme maidir le réamh-mhaoiniú, imréiteach réamhmhaoiniúcháin agus íocaíochtaí críochnaitheacha ar na cineálacha éagsúla beart atá le maoiniú, agus tá siad curtha i láthair sa tábla thíos:

*(In EUR milliúin ag praghsanna reatha)*

| Bliain | Leithreasuithe íocaíochta a bhaineann le húsáid na hionstraime solúbthachta in 2019 |
|---|---|
| 2019 | 486.6 |
| 2020 | 194.7 |
| 2021 | 116.1 |
| 2022 | 116.9 |
| 2023 | 51.3 |
| **Iomlán** | **965.6** |

[1] IO L347, 20.12.2013, lch.884.
[2] IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta le maoiniú a dhéanamh ar bhearta buiséadacha láithreacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, insreabhadh na ndídeanaithe agus bagairtí slándála agus ar an leathnú ar an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach chomh maith**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i dtaca le hábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais[3], agus go háirithe pointe 1 2 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá sé beartaithe leis an Ionstraim Sholúbthachta go bhféadfar caiteachas a mhaoiniú, ar caiteachas a shainaithneofar go soiléir é agus nach bhféadfaí a mhaoiniú faoi na huasteorainneacha a bheadh ar fáil do cheann amháin nó níos mó de na ceannteidil eile.

(2) Is é EUR 600 000 000 (praghsanna 2011), mar a leagtar síos in Airteagal 1 1 de Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle[4], an uasteorainn leis an méid bliantúil a bheidh ar fáil don Ionstraim Sholúbthachta.

(3) D'fhonn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, insreabhadh na ndídeanaithe agus bagairtí slándála agus ar an leathnú ar an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach chomh maith, is gá leas a bhaint as méideanna suntasacha breise chun na bearta sin a mhaoiniú mar ábhar práinne.

(4) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí uile maidir le leithreasuithe a ath-leithdháileadh faoi na huasteorainneacha caiteachais do cheannteideal 3 (*Slándáil agus saoránacht*) agus do cheannteideal 1b (*Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach*), is gá leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta chun an maoiniú atá ar fáil i mbuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2019 a fhorlíonadh thar uasteorainn cheannteideal 3 le EUR 927 518 138 breise chun bearta i réimse na himirce, na ndídeanaithe agus na slándála a mhaoiniú, agus thar uasteorainn cheannteideal 1b le EUR 38 069 903 breise chun maoiniú breise a chur ar fáil le haghaidh an leathnaithe ar an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach[5].

(5) Ar bhonn na próifíle íocaíochta lena bhfuiltear ag súil, ba cheart na leithreasuithe íocaíochta a chomhfhreagraíonn don leas a bhainfear as an Ionstraim Sholúbthachta a leithdháileadh i rith roinnt blianta airgeadais.

---

3 IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

4 Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014–2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

5 COM(2017) 825, 6.12.2017

(6) Chun go bhféadfar úsáid a bhaint as na cistí go tapa, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo roimh thús na bliana airgeadais 2019.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

(1) I gcás bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2019, bainfear leas as an Ionstraim Sholúbthachta chun EUR 927 518 138 a sholáthar i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí faoi cheannteideal 3 (*Slándáil agus saoránacht*) agus EUR 38 069 903 i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí faoi cheannteideal 1b (*Comhtháthú sóisialta*, *eacnamaíoch agus críochach*).

Déanfar na suimeanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír a úsáid chun bearta a mhaoiniú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, insreabhadh na ndídeanaithe agus bagairtí slándála agus ar an leathnú ar an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach chomh maith.

(2) Ar bhonn na próifíle íocaíochta lena bhfuiltear ag súil, déanfar meastachán ar na leithreasuithe íocaíochta a chomhfhreagraíonn d'úsáid na hIonstraime Solúbthachta mar a leanas:

(a) EUR 486 597 803 in 2019;

(b) EUR 194 720 174 in 2020;

(c) EUR 116 110 590 in 2021;

(d) EUR 116 871 924 in 2022;

(e) EUR 51 287 550 in 2023.

Déanfar na méideanna sonracha de na leithreasuithe íocaíochta le haghaidh gach bliana airgeadais a údarú i gcomhréir leis an nós imeachta buiséadach bliantúil.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm aige ó 1 Eanáir 2019.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*